# Buntáistí Eacnamaíocha le hÉirinn Aontaithe



PLÉCHÁIPÉIS

SAMHAIN 2020

Sinn Féin


Sales
One week

# CLÁR

AchoimreFheidhmeach ........ **4**

Réamhrá ........ **6**

**Costas na Críochdheighilte** - easnamh daonlathach a chuireann moill ar fhorbairt eacnamaíoch ........ **8**

**Na buntáistí le hÉirinn Aontaithe** - cinnteoireacht déanta ag ionadaithe atá tofa go háitiúil agus pleanáil mhaicreacnamaíocht shaincheaptha

**Costas na críochdheighilte** - réigiún teorann imeallach agus acmhainneacht eacnamaíoch oileáin thíos leis ........ **11**

**Buntáistí le hÉirinn Aontaithe** - forbairt eacnamaíoch chomhordaithe as a dtiocfaidh infheistíocht níos mó, níos mó fostaíochta agus ioncam cánach ionchasach níos airde

**Costas na críochdheighilte** – caillteanas bhallraíocht AE don tuaisceart ........ **14**

**Buntáiste a bhaineann le hÉirinn Aontaithe** – ballraíocht iomlán AE don oileán uile

**Costas na Críochdheighilte** – acmhainn iomlán an gheilleagair ghlais a chailleadh ........ **18**

**Buntáistí le hÉirinn Aontaite** – acmhainn iomlán an gheilleagair ghlais a uasmhéadú

**Is acmhainn dúinn Éire a chomhaontú** – míniú tugtha ar an bhfóirdheontas ........ **20**

**Is féidir linn Éire a aontú** –Sampla na Gearmáine agus ról an AE ........ **21**

Conclúid ........ **22**

Aguisín 1 – nóta teicniúil ar an bhfóirdheontas ........ **23**



# ACHOIMRE FHEIDHMEACH

- AN CHRÍOCHDHEIGHILT.
- BHÍ COSTAIS DHAONNA, EACNAMAÍOCHA AGUS SHÓISIALTA AN CHINNIDH THUBAISTIGH SIN AN-MHÓR.
- TÁ CIALL LEIS AN AONTACHT AGUS CRUTHÓIDH SÍ DEISEANNA NUA AGUS RATHÚNAS NUA DO MHUINTIR NA HÉIREANN UILE.

Cothaíonn an chríochdheighilt go leor de na fadhbanna atá ag cur isteach ar mhuintir na hÉireann. Is siomptóim de na fadhbanna seo í freisin. Tá riail na Breataine in Éirinn agus an ceart chun féinrialtais a dhiúltú do mhuintir na hÉireann fós i gcroílár na deighilte agus na ndeacrachtaí atá againn. Bhí costais dhaonna, eacnamaíocha agus shóisialta an chinnidh thubaistigh sin chun críochdheighilt a chur i bhfeidhm in Éirinn agus chun riail na Breataine a thabhairt isteach ollmhór.

Cuireann an doiciméad seo leis an díospóireacht leanúnach spreagúil faoi Éire Aontaithe. Is streachailt é atá ag dul siar i bhfad an ceart ag muintir na hÉireann chun féinchinnteoireacht náisiúnta agus neamhspleáchas ó fhorlámhas na Breataine a bheith acu. Tá an bhagairt ón mBreatimeacht, agus Covid-19 le déanaí, ar an oileán tar éis plé air seo a mhúscailt in athuair agus an comhrá seo a ghríosú arís ar bhonn práinneach.

Is léiriú í an chríochdheighilt ar rannpháirtíocht na Breataine i ngnóthaí na hÉireann. Cuireadh i bhfeidhm i 1921 í de réir Acht Rialtas na hÉireann 1920. Cuid den chuspóir a bhí leis ná rialú na Breataine ar chuid den oileán a éascú agus cosc a chur ar theacht chun cinn Poblacht a bhí náisúnta mar ba cheart.

Scrúdaítear sa doiciméad seo eacnamaíoch na críochdheighilte ach go háirithe.

Breathnaítear ann freisin ar na buntáistí a bhaineann le hAontacht. Ar na buntáistí is mó a thiocfaidh as athaontú ná smacht a bheith againn ar ár ngiaráil eacnamaíoch féin.

Diúltaíonn Rialtais Londan i ndiaidh a chéile cumhacht eacnamaíoch a thabhairt do na hinstitiúidí polaitíochta a bunaíodh de réir Chomhaontú Aoine an Chéasta. Tá an smacht sin acu go fóill.

Chuir sé seo an bonn go mór dá fheidhmíocht eacnamaíoch agus bhí drochthionchar aige ar gheilleagar an stáit ó dheas.

Tá an Tuaisceart ar an ngeilleagar is lú fás ar na hoileáin seo. Tá poist ar phá íseal agus nach bhfuil chomh sábháilte agus atá in Éirinn nó sa Bhreatain mar chuid lárnach de mhargadh an tsaothair anseo. Tuilleann 20% d'oibrithe níos lú ná bunphá maireachtála.

Ó aimsir na críochdheighilte is amhlaidh gur bronnadh stádas 'forimeallach' ar chonair na teorann agus dá bhrí sin cuireadh srian ar na féidearthachtaí atá ag cuid den oileán seo agus, mar sin, geilleagar an oileáin ina iomláine.

Mar gheall ar an mbagairt ón mBreatimeachta, i dteannta leis an ngéarchéim sa gheilleagar mar gheall ar Covid-19, is amhlaidh go bhfuil dúshláin nua ann.

Tugann Éire Aontaithe an deis is fearr chun dul i ngleic leis na saincheisteanna seo ar bhealach a bhféadfaidh muintir na hÉireann leas eacnamaíoch a bhaint as. Tá ciall leis an aontacht agus cruthóidh sí deiseanna nua agus rathúnas nua do mhuintir na hÉireann uile.

Tá dualgas agus oibleagáid bhunreachtúil ar Rialtas na hÉireann ullmhúcháin a dhéanamh i leith na hAontachta; na hargóintí eacnamaíocha; na gnéithe cultúrtha agus sóisialta agus an dinimic pholaitiúil a scrúdú. Is léiriú é an praiseach atá ann mar gheall ar anord Brexit gur gá duit pleanáil don todhchaí.

Dá mbeadh Éire Aontaithe ann is amhlaidh go mbeadh forbairt eacnamaíoch níba chomhordaithe agus níba straitéisí ann ar fud an oileáin agus go háirithe laistigh de réigiún na teorann, agus mheallfaí níba mhó infheistíochta, táirgiúlacht fheabhsaithe, agus bheadh bonneagar riachtanach feabhsaithe ann dá bharr. Ina dhiaidh sin, thabharfadh sé seo buntáistí suntasacha eacnamaíocha ar fud na hÉireann, trí bhrabús in ioncaim phoiblí, méaduithe foriomlána ar aschur, agus mhéadófaí fostaíocht ardscile.

Is é an cur chuige atá ag Sinn Féin i leith an AE ná rannpháirtíocht chriticiúil: na rudaí sin atá chun leasa mhuintir na hÉireann, tacaímid leo agus déanaimid iarracht iad a chur chun cinn; na rudaí nach bhfuil, cuirimid ina gcoinne agus déanaimid feachtais chun iad a leasú. I mí Aibreáin 2017, dhearbhaigh an AE go dtiocfadh an Tuaisceart isteach san Aontas Eorpach go huathoibríoch i gcás Éire Aontaithe.

Sa pháipéar seo freisin bréagnaítear na miotais faoin cheist fhóirdheontais ón mBreatain leis an Tuaisceart agus tugtar dúshlán éifeachtach don scéal a mhaireann gurb ionann an fóirdheontas agus £10bn, agus nach bhféadfadh leis an Stát íoc as an Tuaisceart, agus nach mbeadh Éire Aontaithe inmharthana ar bhonn eacnamaíoch de.

Bréagaítear gach ceann de na miotais seo nuair a dhéantar iad a ghrinnscrúdú.

# Réamhrá

Cuireann an doiciméad seo leis an díospóireacht leanúnach spreagúil faoi Éire Aontaithe. Cé gur ceist í seo atá ag dul siar le fada, tá an bhagairt ón mBreatimeacht, agus Covid-19 le déanaí, ar an oileán tar éis plé air seo a mhúscailt in athuair agus an comhrá seo a ghríosú arís ar bhonn práinneach.

Agus muid ag druidim le 100 bliain den chríochdheighilt tá a fhios againn go maith go raibh na costais dhaonna agus shóisialta an-mhór agus tragóideach. Dírítear Sa doiciméad seo ar na costais eacnamaíocha lena n-áirítear an t-easnamh daonlathach. Tá impleachtaí ollmhóra ag an mBreatimeacht freisin do gheilleagar an oileáin seo.

Dírítear aird sa doiciméad seo ar na buntáistí a bhaineann le hÉirinn Aontaithe lena n-áirítear cinnteoireacht ó ionadaithe a toghadh go háitiúil agus pleanáil mhaicreacnamaíoch saincheaptha, forbairt eacnamaíoch chomhordaithe as a dtiocfaidh infheistíocht níos mó, níos mó fostaíochta agus ioncam cánach ionchasach níos airde - agus ballraíocht iomlán AE don oileán iomlán.

Scrúdaítear sa doiciméad staitisticí airgeadais phoiblí agus caiteachais ina dtaispeántar go bhfuil sé d'acmhainn againn Éire a bheith aontaithe. Scúdaítear ann freisin aon an sampla ó athaontú na Gearmáine agus an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an AE agus Éire a athaontú.

I 1998, ar na héachtaí a tháinig amach as an bplé a raibh Comhaontú Aoine an Chéasta mar thoradh air ná reifreann ar aontacht a chinntiú.

Sa chuid ar Shaincheisteanna Reachtúla sa Chomhaontú, dearbhaítear "...gur faoi mhuintir oileán na hÉireann agus fúthu sin amháin atá sé, trí chomhaontú idir an dá chuid faoi seach agus gan bac ón taobh amuigh, a gceart féinchinnidh a fheidhmiú ar bhonn an toilithe, arna thabhairt dá ndeoin féin agus i gcomhthráth, Thuaidh agus Theas, chun Éire aontaithe a thabhairt..."

Aithníonn Rialtais na hÉireann agus na Breataine freisin go mbeidh torthaí an reifrinn mar "oibleagáid cheangailteach" orthu "reachtaíocht a thabhairt isteach ina bParlaimintí faoi seach, agus tacú léi, chun éifeacht a thabhairt don mhian sin."

Ní bhaineann an todhchaí, áfach, le hathrú láithreach ina rachaimid a luí oíche amháin in Éirinn críochdheighilte agus an mhaidin dár gcionn ag múscailt in Éirinn aontaithe. Baineann sé ar fad le próiseas: plé, athmhuintearas, aistriú agus claochlú

Baineann sé le comhaontú ar an dóigh a ndéanfaimid ár dtodhchaí a eagrú agus a chomhroinnt. Baineann sé le haitheantas a thabhairt do na traidisiúin agus na cultúir agus na cúlraí eitneacha ar fud atá in Éirinn. Baile atá ach go háirithe d'aontachtóirí an Tuaiscirt.

Tá Éire nua-aimseartha tuillte ag ár ndaoine uile atá bunaithe ar chomhionannas agus meas; ina gcosnaítear saoirsí sibhialta agus creidimh gach duine; agus ina ndéantar gach traidisiún agus féiniúlacht, lena n-áirítear iad siúd de bhunadh na Breataine nó na hÉireann, nó de bhunadh eile a chosaint de réir an dlí.

Tá dualgas agus oibleagáid bhunreachtúil ar Rialtas na hÉireann ullmhúcháin a dhéanamh i leith na hAontachta; na hargóintí eacnamaíocha; na gnéithe cultúrtha agus sóisialta agus an dinimic pholaitiúil a scrúdú. Is léiriú é an praiseach atá ann mar gheall ar anord Brexit gur gá pleanáil don todhchaí.



**IS É AN TUAIRIM ATÁ AGAINN NÁ GO BHFUIL NA NITHE SEO A LEANAS AG TEASTÁIL:**

- • Cur i bhfeidhm iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta lena n-áirítear na hinstitiúidí uile-oileáin
- Comhchoiste Oireachtais ar Aontacht na hÉireann a chur ar bun
- Tionól Saoránach ionadaíoch uile-oileáin nó fóram iomchuí a bhunú chun Aontacht na hÉireann a phlé agus a phleanáil
- Ní mór an t-aonad oileáin comhroinnte a mhol rialtas na hÉireann ina Chlár Rialtais 2020 a mhaoiniú mar is i gceart, foireann a bheith aige agus cuspóirí agus treoirlínte soiléire poiblí a bheith aige.
- Ní mór don rialtas Páipéar Bán ar Aontacht na hÉireann a fhoilsiú.
- Ní mór dó reifreann a fháil, thuaidh agus theas, ar Aontacht na hÉireann de réir fhorálacha Chomhaontú Aoine an Chéasta.

**PEARSE DOHERTY** TD
Urlabhraí Sinn Féin ar Airgeadas

# COSTAS NA CRÍOCHDHEIGHILTE

## – easnamh daonlathach a chuireann moill ar fhorbairt eacnamaíoch

### NA BUNTÁISTÍ LE hÉIRINN AONTAITHE
CINNTEOIREACHT DÉANTA AG IONADAITHE ATÁ TOFA GO HÁITIÚIL AGUS PLEANÁIL MHAICREACNAMAÍOCHT SHAINCHEAPTHA

Tá smacht go fóill ag rialtas Londan ar pholasaí eacnamaíoch sa Tuaisceart. Déanann sé seo lena leas féin amháin. Baineann gach geilleagar ardioncaim san AE agus níos faide i gcéin tairbhe as na cumhachtaí agus na hionstraimí fioscacha seo. Áirítear leis seo an chumhacht chun rátaí cánachais a athrú, cánacha nua a thabhairt isteach chun cuspóirí beartais eacnamaíocha atá ceaptha go háitiúil a bhaint amach, agus iasachtaí a fháil ó mhargaí idirnáisiúnta chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar agus i scileanna. Is feidhm riachtanach agus bhunúsach de chuid rialtais é na cumhachtaí seo a fheidhmiú.

Cé gur féidir le saoránaigh i Luimneach nó nDún na nGall stocaireacht a dhéanamh ar Rialtas na hÉireann go díreach trína dTeachtaí Dála le haghaidh infheistíochta méadaithe nó athrú polasaí cánach (nó, ar bhonn níos dírí, is féidir lena dTeachtaí Dála a bheith mar chuid den rialtas), caithfidh saoránaigh in Aontroim nó in Ard Mhacha dóchas a bheith acu i rialtas de chuid na dTóraithe nó an Lucht Oibre sa Bhreatain, gan sainordú ar bith aige sa Tuaisceart, beartas eacnamaíoch a chur ar aon dul le riachtanais an Iúir, an Bhaile Mheánaigh agus na hÓmaí.

Is ríléir gur tionchar diúltach a bhíonn ag an gcaidreamh seo ar Thuaisceart Éireann. Tá an Tuaisceart ar an ngeilleagar is lú fás ar na hoileáin seo[1], agus chuaigh sé i dtreo cúlú eacnamaíoch in 2018 cé go raibh geilleagair na Breataine agus Dheisceart na hÉireann ag fás. Ar a bharr sin, ní hionann OTI an duine sa Tuaisceart ach 80% d'aschur na Breataine in aghaidh an tsaoránaigh[2].Maidir le pá, tá líon níos mó post ar phá íseal sa Tuaisceart ná in aon réigiún sa Bhreatain, agus tá pá sna poist seo ar an

1 https://www.nisra.gov.uk/statistics/economic-output-statistics/gross-value-added
2 https://www.nisra.gov.uk/statistics/economic-output-statistics/gross-value-added

## ASCHUR PER CAPITA IN ÉIRINN AGUS SA BHREATAIN, 2018

| | |
|---|---|
| Sasana | £32,857 |
| Albain | £29,660 |
| An Bhreatain Bheag | £23,866 |
| Tuaisceart Éireann | £25,981 |
| Deisceart Éireann (GNI*) | €40,637 |

**Foinsí:**
https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/in/nie/in-mgnicp/ **- 2018 GNI***
**2018 population in Ireland -** https://www.-cso.ie/en/releasesandpublications/er/pme/populationandmigrationestimatesapril2018/#:~:text=The%20combined%20effect%20of%20natural,4.86%20million%20in%20April%202018.
https://www.ons.gov.uk/economy/grossdomesticproductgdp/bulletins/regionaleconomicactivitybygrossdomesticproductuk/1998to2018 **- 2018 GDP per capita Britain & North**

gceann is ísle in aon réigiún freisin[3].

Tá foirmiú comhlán caipitil (stoc iomlán na sócmhainní caipitil príobháideacha agus poiblí, agus tomhas tábhachtach infheistíochta), an -íseal sa Tuaisceart. Amhail 2016 ní raibh ann ach 14.3% den OTI iomlán[4], figiúr atá i bhfad ar gcúl leis an chuid eile d'Éirinn, den Bhreatain, stáit bheaga forbartha inchomparáide, agus go leor stát i mbéal forbartha ar fud an domhain[5].

Tá poist ar phá íseal agus nach bhfuil chomh sábháilte agus atá in Éirinn nó sa Bhreatain mar chuid lárnach de mhargadh an tsaothair sa Tuaisceart[6]. Tuilleann 20% d'oibrithe níos lú ná bunphá maireachtála[7]. In 2016, bhí 14% de theaghlaigh sa Tuaisceart gan obair[8] agus bhí an ráta fostaíochta ag 72%, thart ar 4 phointe céatadáin faoi bhun mheán na Breataine[9]. Neartófar leis an ngéarchéim poist atá le teacht mar gheall ar ag COVID-19 an drochscéal fostaíochta seo. Faoi Lúnasa 2020,

3 https://www.nisra.gov.uk/system/files/statistics/NI-ASHE-Bulletin-2019-3-Low-Pay-Analysis.pdf
4 https://www.nisra.gov.uk/sites/nisra.gov.uk/files/publications/NI-Economic-Accounts-Project-2016-experimental-results.pdf
5 https://data.worldbank.org/indicator/NE.GDI.FTOT.ZS
6 https://www.nisra.gov.uk/statistics/labour-market-and-social-welfare/annual-survey-hours-and-earnings
7 Decent Work in Northern Ireland: The challenge of insecurity and low pay, Lisa Wilson (NERI), 2017
8 Poverty in Northern Ireland, 2018, Joseph Rowntree Foundation Briefing - https://www.jrf.org.uk/report/poverty-northern-ireland-2018
9 https://www.ons.gov.uk/employmentandlabourmarket/peopleinwork/employmentandemployeetypes/timeseries/lf5z/lms - ONS Employment Rate Statistics

bhí níos mó ná oibrí amháin as gach triúr (36%) sa Tuaisceart dífhostaithe, ar scor nó ag fáil scéim tacaíochta ioncaim féinfhostaithe (UUEPC, 2020a[10]).

Aithnítear go ndeachaigh cinntí a glacadh i Westminster chun aimhleasa eacnamaíochta an Tuaiscirt. Ag deireadh na 2000idí, rinne Albain agus an Bhreatain Bheag athbhreithnithe fairsinge ar a n-easpa cumhachtaí eacnamaíocha. In Albain, moladh i gCoimisiún Calman go soiléir gur cheart an chumhacht a thabhairt d'Albain iasachtaí a fháil agus infheistíocht a dhéanamh, gur cheart cánacha móra mar cháin ioncaim a dhéabhlóidiú (faoi shocrú speisialta), agus gur cheart go gceadófaí do Pharlaimint na hAlban a cuid cánacha a chruthú le cur i bhfeidhm ar Albain amháin. Tháinig an Coimisiúin Holtham sa Bhreatain Bheag ar an gconclúid chéanna. Fuarthas amach mar thoradh air an méid seo a leanas "restricting the [Welsh] Assembly Government's ability to manage its economic affairs ultimately undermines its direct accountability to Welsh citizens"[11], agus moladh ann freisin go dtabharfaí cumhachtaí iasachta agus cánachais i bhfad níos uaillmhianaí d'ionadaithe na Breataine Bige.

Níor tionóladh aon Choimisiún i leith an Tuaiscirt. Sin ráite, áfach, rinneadh an OECD Tuaisceart a chatagórú mar 'peripheral with respect to its political influence' on Westminster for innovation-related policiesa[12].

Tacaíonn an litríocht acadúil ar an gceist le conclúidí na gCoimisiún seo.

Aimsíodh in Rodriquez & Gill (2005), agus é i bhfeidhm ar bhonn áitiúil "decision-making can increase transparency and accountability by reducing the distance between politicians and their electorates"[13]. Ar a bharr sin feiceanns siad go soiléir 'economic dividend' a thagann chun cinn nuair a bhíonn rochtain ag riaracháin pholaitiúla áitiúla ar ghiarálacha chun a mbeartais eacnamaíocha féin a chur in oiriúint.

Is é an rud a insíonn na torthaí seo dúinn ná go mbeadh cumhachtaí cinnteoireachta mar chuid de shamhail nua eacnamaíochta uile-oileáin níos freagraí, níos éifeachtaí, agus níos mó de réir riachtanais bheartais na ndaoine agus an gheilleagair.

In Éirinn Aontaithe beidh rochtain ag na hionadaithe polaitiúla tofa ag na daoine, a mbíonn tionchar ag a gcinntí orthu, ar iasachtaí, ar chánachas agus ar chumhachtaí infheistíochta. Bheifí in ann, dá réir, straitéis mhaicreacnamaíoch logánta saincheaptha a fhorbairt a d'fhéadfadh díriú ar fhás príomhthionscail breisluacha chun níos mó post agus poist níos fearr a sholáthar. Chuir eacnamaithe béim ar fhás i bpoist mhaithe le pá níos airde is féidir a sholátrhar trí Éire a athaontú. [14] Cuireann poist ar chaighdeán níos fearr, poist atá níos sábháilte a íocann níos mó agus a chruthaíonn níos mó luach sa gheilleagar feabhas ar chaighdeáin mhaireachtála agus cruthaíonn siad níos mó éilimh sa gheilleagar, agus nuair a thagann ardú ar éileamh ar an meán, tagann ardú ar chúrsaí fostaíochta mar riail ghinearálta agus ar na hioncaim chánach ionchasacha freisin.

10 https://www.ulster.ac.uk/__data/assets/pdf_file/0017/614132/UUEPC-Pathways-to-Recovery-after-Covid19-Paper-3-_05082020.pdf
11 Westminster Library & Research Service Note, SN/EP/6288
12 https://www.oecd.org/cfe/regional-policy/The_case_of_Ireland-Northern-Ireland.pdf - page 22
13 p409
14 Paul Gosling, Ten Year Plan for A New Ireland, 2018, p59-63 - http://www.paulgosling.net/wp-content/uploads/2018/10/THE-TEN-YEAR-PLAN-FOR-A-NEW-IRELAND-v10.pdf

# COSTAS NA CRÍOCHDHEIGHILTE

## – réigiún teorann imeallach agus acmhainneacht eacnamaíoch oileáin thíos leis

### BUNTÁISTÍ LE hÉIRINN AONTAITHE
### FORBAIRT EACNAMAÍOCH CHOMHORDAITHE AS A DTIOCFAIDH INFHEISTÍOCHT NÍOS MÓ, NÍOS MÓ FOSTAÍOCHTA AGUS IONCAM CÁNACH IONCHASACH NÍOS AIRDE

Ó aimsir na críochdheighilte is amhlaidh gur bronnadh stádas 'forimeallach' ar chonair na teorann agus dá bhrí sin cuireadh srian ar na féidearthachtaí atá ag cuid den oileán seo agus, mar sin, geilleagar an oileáin ina iomláine.

In Éirinn, is éard atá i gceist le réigiún na teorann Dún na nGall, Sligeach agus Liatroim, tríd an gCabhán agus Muineachán go Contae Lu. Déantar é a thomhas de réir Oll-Bhreisluach per capita, ní hionann táirgiúlacht i réigiún na teorann theas agus ach 54% de mheán an oileáin, agus díreach 61 % de mheán gheilleagair ardioncaim na hEorpa (EU-15)[15].

Is éard atá i gceist le réigiún na teorann ó thuaidh ná Comhairle Dhoire agus an tSratha Báin; Comhairle Fhear Manach agus na hÓmaí; Comhairle Lár Uladh; Ard Mhacha, Droichead na Banríona agus Craigavon; agus Comhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin. Mar atá sé inniu , is réigiún é ar cheart a chomhtháthú agus a chomhordú go mór de réir na n-earnálacha eacnamaíocha is mó; lena n-áirítear talmhaíocht, tógáil, fáilteachas

15 https://www.nerinstitute.net/sites/default/files/research/2019/productivity_on_the_island_of_ireland_a_tale_of_three_economies.pdf

**Breisluach Iomlán Per Capita de réir Phoblacht na hÉireann agus Fho-Réigiún TÉ 2014 mar % den AE**

**Foinse:** CSO (2018a) & ONS (2017b)

| Réigiún/Stát | % den Mheán AE15 |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 208.6 |
| Iardheisceart | 156.8 |
| Béal Feirste | 136.8 |
| **Poblacht na hÉireann** | **128.0** |
| Iarthar Láir | 97.9 |
| Oirthear Láir | 91.3 |
| Iarthar | 90.6 |
| Oirdheisceart | 85.0 |
| **TÉ** | **75.0** |
| Oirthear TÉ | 70.0 |
| Lár Tíre | 63.8 |
| Iarthar agus Deisceart TÉ | 63.4 |
| Imeall Bhéal Feirste | 61.1 |
| Teorainn | 60.5 |
| Tuaisceart TÉ | 58.2 |

**Breisluach Iomlán Per Capita de réir Phoblacht na hÉireann agus Fho-Réigiún TÉ 2014 mar % den Mheán Réigiúnach Uile-Éireann**

**Foinse:** CSO (2018a) & ONS (2017b)

| | |
|---|---|
| 185 | Baile Átha Cliath |
| 139 | Iardheisceart |
| 121 | Béal Feirste |
| 87 | Iarthar Láir |
| 80 | Iarthar |
| 75 | Oirdheisceart |
| 62 | Oirthear TÉ |
| 57 | Lár Tíre |
| 56 | Iarthar agus Deisceart TÉ |
| 54 | Imeall Bhéal Feirste |
| 54 | Teorainn |
| 54 | Tuaisceart TÉ |

agus turasóireacht. Mar sin féin, tá sé roinnte idir dhá airgeadra éagsúla agus dhá stát atá san iomaíocht le haghaidh infheistíochta agus gníomhaíochta eacnamaíochta.

Mar shampla, léiríonn easpa bonneagair bóthair agus iompair den chéad scoth san iarthuaisceart na deacrachtaí eacnamaíoch roimh ghnólachtaí ar mhian leo infheistíocht a dhéanamh sa réigiún sin.

Chomh maith leis sin, baineann an iomaíocht agus an deighilt a eascraíonn ón gcríochdheighilt as faoin rathúnas ar an dá thaobh de réigiún na teorann, ag eiteach deiseanna móra infheistíochta agus úsáid éifeachtúil acmhainní poiblí. Is é an toradh air sin forbairt eacnamaíoch trína chéile agus neamhchomhlíonta. Nótáil ECFE i dtuarascáil thábhachtach in 2012[16] noted that 'distances are still an obstacle for all-island connections' and it extolled the benefits of more integrated cross-border development on the island of Ireland.

gur 'bacainn iad fós achair ar naisc uile-oileáin' ('distances are still an obstacle for all-island connections') agus mhol siad na buntáistí a bhaineann le forbairt níos comhtháite trasteorann ar oileán na hÉireann.

Tá na ceantair fhorimeallacha seo, ina bhfuil sineirgí nádúrtha daonna, eacnamaíocha agus tíreolaíocha, tá siad deighilte. Tugann comhairlí áitiúla, Westminster, an Tionól agus an Feidhmeannas agus an tOireachtas – a bhfuil cumhachtaí, polasaithe agus acmhainní éagsúla acu – faoi phleanáil eacnamaíoch atá neamhchomhordaithe, agus a bhíonn in iomaíocht lena chéile go minic, ar bhealach a mhúchann fíoracmhainneacht iar-aontachta an réigiúin[17]. Glac Dún na nGall, mar shampla, atá go mór thíos leis an gcríochdheighilt. In ainneoin é a bheith mar chuid de Chúige Uladh, agus an pointe is faide ó thuaidh san oileán ann, tá an ceantar gearrtha ag an gcríochdheighilt ar shiúl óna réigiún nádúrtha agus stairiúil le haghaidh comhtháthú agus forbairt – iarthuaisceart na hÉireann. Ina áit sin, cuirtear san áireamh é taobh le hiarthar na hÉireann agus réigiúin eile cois teorann atá

16 https://www.oecd.org/cfe/regional-policy/The_case_of_Ireland-Northern-Ireland.pdf
17 Best & Bradley,http://www.crossborder.ie/pubs/journal6.pdf Bradley & Best, 'Bypassed Places? The post-Belfast Agreement Border region economy', Journal of Cross-border Studies, 6 (2011), 25-45.

i bhfad ar shiúl uaidh, go tíreolaíoch agus go heacnamúil. Ach Éire a bheith aontaithe d'fhorbrófaí an ceantar ar bhealach i bhfad níos éifeachtaí agus éifeachtúla taobh le Doire agus réigiún an iarthuaiscirt.

Is é an pointe lárnach anseo go bhfuil nádúr forimeallach réigiún na teorann sa dá dhlínse tar éis baint as faoi fhorbairt eacnamaíoch ansin, agus é de thoradh air leibhéil ísle infheistíochta intíre agus eachtraí agus bonneagar digiteach agus fisiciúil ar dhroch-chaighdeán. Ar na cúiseanna seo, fiafraíonn Best agus Bradley, ina staidéar in 2011 ar gheilleagar na teorann, an 'áit sheachanta' ('bypassed place') é réigiún na teorann[18]. I staidéar eile léirigh siad an meath sa bhonneagar trasteorann ó thosaigh an chríochdheighilt, agus an iliomad buntáistí a bhainfeadh le forbairt eacnamaíoch agus bonneagair níos comhtháite agus straitéisí[19].

Tá réigiún na teorann i sáinn ag an gcríochdheighilt i bhfáinne fí. Teastaíonn ó cheantair fhorimeallacha, nach bhfuil chomh táirgiúil le moill uirbeacha mar Bhaile Átha Cliath agus Béal Feirste, mar shampla, infheistíocht phoiblí chun bonneagar a fheabhsú, rud a fheabhsaíonn ar a sheal an táirgiúlacht agus a spreagann níos mó infheistíochta agus gníomhaíochta eacnamaíoch. Gan an infheistíocht phoiblí seo, ní tharlaíonn an fhorbairt seo. Díspreagann droch-chaighdeán an leathanbhanda, an chomhartha fóin póca agus an bhonneagair iompair sa réigiún infheisteoirí príobháideacha. Agus mar sin, mothaíonn rialtais neamhchomhordaithe agus in iomaíocht le chéile gur luaithe a réadófar sochar a gcuid infheistíochta ach infheistíocht a dhéanamh i réigiúin ina bhfuil borradh agus saibhreas bonneagair cheana féin. Go dearfa, tá lucht an tionscadail tógála féin ag tabhairt foláirimh le roinnt blianta faoi nádúr éagothrom agus míchothrom na infheistíochta caipitil poiblí agus faoin tionchar eacnamaíoch atá ann mar gheall ar infheistíocht phoiblí an-íseal i réigiúin fhorimeallacha na hÉireann[20].

Dá mbeadh Éire Aontaithe ann is amhlaidh go mbeadh forbairt eacnamaíoch níba chomhordaithe agus níba straitéisí ann ar fud an oileáin agus go háirithe laistigh de réigiún na teorann, agus mheallfaí níba mhó infheistíochta, táirgiúlacht fheabhsaithe, agus bheadh bonneagar riachtanach feabhsaithe ann dá bharr. Ina dhiaidh sin, thabharfadh sé seo buntáistí suntasacha eacnamaíocha ar fud na hÉireann, trí bhrabús in ioncaim phoiblí, méaduithe foriomlána ar aschur, agus mhéadófaí fostaíocht ardscile.

Ach acmhainneacht eacnamaíoch iomlán réigiún uile an oileáin a dhíghlasáil, is féidir le haontacht na hÉireann ioncam cánach iomlán atá ar fáil don stát a fheabhsú, agus mar sin na cistí atá ar fáil le haghaidh infheistíocht phoiblí a neartú.

In dhá staidéar a rinne an Dr. Kurt Hubner agus daoine eile roimh agus tar éis an vóta ar Bhreatimeacht (2015[21]; 2018[22]) rinneadh tuar cheana ar an acmhainneacht ollmhór maidir le fás eacnamaíoch méadaithe má thugtar deiseanna eacnamaíocha an athaontaithe chun críche. Ag scríobh roimh an mBreatimeacht dó, agus cur san áireamh choinníollacha an gheilleagair uile-Éireann in 2015, tharraing Hubner aird ar bhorradh in aschur (arna thomhas in OTI) timpeall €36bn laistigh de na chéad deich mbliana tar éis an athaontaithe. Tar éis an vóta ar Bhreatimeacht, rinne sé múnlú ar bhorradh €23.5bn san aschur. Leis an mborradh seo san aschur eacnamaíoch foriomlán agus fostaíocht lena mbaineann scileanna níos airde tagann sochar an ioncaim cánach ar fáil don stát aontaithe.

Tá saoithiúlachtaí faoi leith ann a bhaineann leis an gcríochdheighilt a bhfuil de thoradh orthu neamhéifeachtúlachtaí cánach agus eacnamaíocha ar dhá thaobh na teorann. Trasnaíonn idir 23,000 agus 30,000 duine an teorainn go rialta le haghaidh na hoibre[23] [24]. Trína gcuid fostaíochta, cruthaíonn na hoibrithe seo aschur agus luach i ndlínse amháin, agus íocann siad isteach i gcistí poiblí na dlínse sin i gcáin ioncaim, agus mion-idirghníomh cánach eile. Ach, ar fhilleadh abhaile dóibh, tá siad ag úsáid sheirbhísí poiblí agus bhonneagar an cheantair ina bhfuil siad ina gcónaí, ach nach bhfuil siad ag obair ann. Cuireann seo brú nádúrtha ar na seirbhísí seo, ach ní bhaineann an stát atá i gceist tairbhe ón ngníomhaíocht eacnamaíoch nó ón ioncam cánach a ranníoctar chun na seirbhísí seo a mhaoiniú, a ghabhtar ina áit sin sa stát ina n-oibríonn siad. Trí athaontú na hÉireann chuirfí aimhrialtachtaí den chineál seo i gceart, rud a ligfeadh do stát uile-oileáin sochar comhchineáil a bhaint as fostaíocht iomlán agus ranníocaíochtaí cánach gach oibrí ar an oileán.

---

18 Bradley, J. and Best, M. (2011), Bypassed places? The post-Belfast Agreement Border Economy
19 Cross Border Economic Renewal, John Bradley & Michael Best, 2012
20 https://cif.ie/2017/04/03/low-investment-in-regional-infrastructure-leading-to-dangerously-imbalanced-economy/
21 https://prcg.com/modeling-irish-unification/report.pdf
22 https://issuu.com/mattcarthy5/docs/report_costs_of_non-unification_fin
23 https://crossborder.ie/site2015/wp-content/uploads/2016/06/CCBS-and-Cooperation-Ireland-EU-Referendum-Briefing-Paper-4.pdf
24 https://borderpeople.info/site/wp-content/uploads/Briefing-5-revision15June2016.pdf

# COSTAS NA CRÍOCHDHEIGHILTE

## – caillteanas bhallraíocht AE don tuaisceart

### **BUNTÁISTE A BHAINEANN LE hÉIRINN AONTAITHE**
### BALLRAÍOCHT IOMLÁN AE DON OILEÁN UILED

Chruthaigh Comhaontú Aoine an Chéasta na coinníollacha inar féidir leis an gcuid is mó daoine atá ag maireachtáil i gceantair na teorann neamhaird a dhéanamh ar an teorainn agus iad i gceann a saoil. Thacaigh AE le comhoibriú agus comhtháthú Thuaidh Theas de thoradh ar phróiseas na síochána agus Chomhaontú Aoine an Chéasta. Faoin mBreatimeacht tiocfaidh deireadh leis seo.

Chinntigh Breatimeacht nach mbainfidh ach dlínse amháin ar oileán na hÉireann leas as ballraíocht AE sa ghearrthéarma, rud a mbeidh iarmhairtí suntasacha eacnamaíocha, polaitiúla agus pobail agus suaitheadh ag baint leis. I mí Aibreáin 2017, dhearbhaigh AE má tharlaíonn athaontú go rachaidh an Tuaisceart go huathoibríoch ar ais san Aontas Eorpach.

Rinneadh a thuar go luath maidir le tionchar Breatimeachta go mbeadh iarmhairtí eacnamaíocha diúltacha ann, a bheadh mar an gcéanna agus géar i dtuaisceart agus i ndeisceart na hÉireann araon. Mar gheall ar an míshocracht pholaitiúil sa Bhreatain sna luathbhlianta tar éis vóta Breatimeachta in 2016, tháinig an fhéidearthacht chun cinn go mbeadh Breatimeacht gan mhargadh ann. In 2019, samhlaíodh i réamh-mheastacháin ó ITES agus ó roinnt meithleacha machnaimh eile laghduithe géara fadtéarmacha (deich mbliana nó níos faide) in acmhainneacht aschuir gheilleagar na hÉireann má tharlaíonn Breatimeacht 'crua' nó fiú 'gan mhargadh'. Measadh sna réamh-mheastacháin seo go mbeadh geilleagar na hÉireann idir 2.3% agus 7% níos lú ná mar a bheadh i gcás fadtéarmach gan Bhreatimeacht[25].

25 https://www.esri.ie/system/files/publications/QEC2019SPR_SA_Bergin.pdf

Ach cé go bhfuil an bhagairt ó Bhreatimeacht gan mhargadh maolaithe mar gheall ar an gComhaontú Aistrarraingthe agus an Prótacal Éireannach, ní bhfuarthas réitithe léi ná baol air. Bhí rialtas Johnson go speisialta teanntásach i rith na gcaibidlí, ag bagairt go leanúnach siúl ar shiúl mura ngéillfeadh AE a n-éilimh agus tosú ag trádáil faoi rialacha EDT.  I mí Mheán Fómhair thug siad isteach reachtaíocht úr – Bille an Mhargaidh Inmheánaigh (Internal Market Bill) – a sháróidh go héifeachtacht an dlí idirnáisiúnta.

Is féidir fós go dteipfear ar an mBreatain agus ar AE teacht ar shocrú maidir le comhaontú cuimsitheach saorthrádála. I staidéar le Copenhagen Economics (2020), arna choimisiúnú ag an Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta (RGFN) i ndeisceart na hÉireann, tuartar go mbeidh buille ar aschur iomlán gheilleagar na hÉireann timpeall 3.2-3.9% ná mar a bheadh sé in 2030, leis an tuar seo bunaithe ar théacs an dearbhaithe pholaitiúil athbhreithnithe[26]. Sa tuairisc chéanna déantar soiléir go bhfuil an bhagairt ann i gcónaí nach mbeidh margadh ann, agus go mbeidh an buille mar gheall air sin ar aschur iomlán an dá oiread chomh díobhálach, le laghdú fáis eacnamaíoch de 7% ar fad.

Is féidir a bheith ag súil leis seo nuair a chuirtear san áireamh an caidreamh trádála idir oileán na Breataine agus oileán na hÉireann, agus an leibhéal comhtháite eacnamaíoch idir an dá dhlínse ar oileán na hÉireann. Chomh maith leis sin, in cibé socrú maidir le saorthrádáil a bheidh ann faoi dheireadh na tréimhse aistrithe, beidh de thoradh ar thosca uile níos mó bacainní neamhtháille agus ualach níos mó do ghnólachtaí ar fud na Breataine, agus b'fhéidir i ndeisceart na hÉireann[27].


Faoin bPrótacal Éireannach tá earraí ag gluaiseacht 'aduaidh ó dheas', agus, mar sin, isteach in AE, clúdaithe ag cód custaim AE, agus beidh roinnt rialacha den mhargadh aonair i bhfeidhm freisin chun teorainn rialála a sheachaint. Éilíonn AE go bhfuil seiceálacha custaim riachtanach ar earraí ag taisteal ón mBreatain isteach sa Tuaisceart nuair a d'fhéadfadh na hearraí sin taisteal ar aghaidh isteach in AE.

## STAITISTICÍ AR THRÁDÁIL EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ AR OILEÁN NA HÉIREANN TRASTEORANN

**Trádáil Trasteorann Iomlán**

**€7.384bn**

Sonraí uile 2018




Don am i láthair, maolaíonn an Prótacal Éireann an bhagairt a bhaineann le suaitheadh i dtrádáil uile-Éireann trasteorann. In 2018, d'easpórtáil gnólachtaí sa Tuaisceart earraí agus seirbhís arbh fhiú timpeall £4.2bn go deisceart na hÉireann, rud a d'fhág gurbh iad an margadh easpórtála neamh-Bhriotanach do ghnólachtaí sa tuaisceart de bhearna mhór[28]. Ach is dócha go mbeidh de thoradh ar aon chomhaontú maidir le saorthrádáil go mbeidh laghdú i sreafaí trádála 'anoir-siar'. Meastar i staidéir má bhíonn comhaontú saorthrádála ann fiú, go dtitfidh sreafaí earraí idir AE agus an Bhreatain chomh mór le 40%, agus go bhfuil sreafaí seirbhísí chun titim níos mó, chomh mór le 60%[29].

26 https://dbei.gov.ie/en/Publications/Publication-files/Assessment-economic-impacts-Ireland-EU-UK.pdf
27 https://www.centralbank.ie/docs/default-source/publications/quarterly-bulletins/quarterly-bulletin-signed-articles/dealing-with-friction-eu-uk-trade-and-the-irish-economy-after-brexit-(conefrey-and-walsh).pdf
28 https://www.nisra.gov.uk/sites/nisra.gov.uk/files/publications/Overview-of-NI-Trade-April-2020.pdf
29 Hantzsche, A. and G. Young. 2019. "The Economic Impact of Prime Minister Johnson's New Brexit Deal." National Institute Economic Review, No. 250.

Go dearfa, ní chuirtear san áireamh leis an bPrótacal Éireannach trádálacha seirbhísí trasteorann atá ríthábhachtach do gheilleagar na hÉireann, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais lena mbaineann aonáin ó bhainc go Comhair Chreidmheasa áitiúla, agus tá a lán éiginnteachta ann maidir le cáilíochtaí gairmiúla slite beatha ar nós cuntasaíochta nó ailtireachta.

D'fhéadfadh na próisis chustaim agus rialála a d'fhéadfaí a bheith curtha i bhfeidhm idir Éire Aontaithe ar ballstát den AE é agus an Bhreatain dúshláin a chur roimh FBManna sa Tuaisceart. Mar sin féin, sáraíonn buntáistí an aontaithe, lena n-áirítear ballraíocht iomlán san AE, na míbhuntáistí seo. Tá Stát na hÉireann tar éis tairbhe a bhaint as a stádas buntáisteach mar an t-aon stát i limistéar an Euro ina labhraítear Béarla. Anois is é an t-aon stát san Aontas Eorpach ina labhraítear Béarla. Tá seo tar éis infheistíocht phríobháideach, go háirithe infheistíocht ó SAM, a mhealladh[30]. Cuirfidh Aontacht na hÉireann ar chumas an Tuaiscirt an tairbhe chéanna a bheith aige.

In ainneoin impleachtaí na Críochdheighilte, tá borradh cheana féin faoin trádáil thuaidh theas. Bhain an trádáil trasteorann idir Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide buaicphointe amach in 2018 le luach de £ 6.5bn[31]. Léiríonn figiúirí freisin go bhfuil níos mó gnólachtaí sa tuaisceart ag trádáil ar bhonn thuaidh theas ná aon áit eile, an Bhreatain san áireamh. Léiríonn figiúirí NISRA go ndéanann 8,631 gnólacht trádáil thuaidh theas i gcomparáid le 8,147 gnólacht atá ag trádáil idir an Tuaisceart agus an Bhreatain.[32] Sin an treo a bhfuil rudaí ag dul. Léiríonn an fás leanúnach agus an luach méadaithe i dtrádáil thuaidh theas go bhfuil an geilleagar Uile-Éireann ag éirí níos tábhachtaí agus go bhféadfaí é seo a úsáid tuilleadh i gcás athaontaithe.

Níl sé chomh soiléir cén tionchar a d'imreofaí ar an trádáil idir an Tuaisceart agus an Bhreatain i gcás Aontacht na hÉireann. Maíonn Aontachtaithe go minic gurb í an Bhreatain an "comhpháirtí trádála is luachmhaire" atá ag an tuaisceart, ach tá an argóint sin bunaithe go príomha ar luach na trádála idir an Tuaisceart agus an Bhreatain a bheith níos airde ná an trádáil le haon áit eile.

I ndáiríre, ní aontódh gach duine leis an tuairim sin toisc nach n-aithníonn sí go dtrádálann níos mó gnólachtaí ar bhonn thuaidh theas ná ón tuaiseart go dtí an Bhreatain, ní aithníonn sí ach an oiread go mbraitheann sciar den trádáil leis an Bhreatain ar shlabhraí soláthair thuaidh theas agus ar thrádáil idirmheánach agus earraí á ndéanamh. Cuimsíonn 39% den trádáil Trasteorann trádáil in Earraí Idirmheánacha.[33]

Ábhar caibidle is ea an dearbhú go ndéanfaí dochar don trádáil idir an tuaisceart agus an Bhreatain nó go bhfuil níos mó le cailleadh ag an tuaisceart maidir leis an trádáil leis an mBreatain i gcomhthéacs Aontacht na hÉireann, agus d'fhéadfaí cur ina choinne sin ar go leor bealaí.

Ar dtús, tá sé tábhachtach a aithint nach é Aontacht na hÉireann ach an Bhreatimeacht a d'fhéadfadh cur isteach ar an trádáil idir an tuaisceart agus an Bhreatain nó é a chur i mbaol. Mar a luadh thuas, tá na gealltanais a thug Rialtas na Breataine go mbeidh trádáil "neamhshrianta" nó go hiomlán réidh idir an Tuaisceart agus an Bhreatain i gcás na Breatimeachta míchruinn.

Ciallaíonn Prótacal na hÉireann go ndéanfar na seiceálacha céanna den chuid is mó ar earraí a théann idir an Bhreatain agus oileán na hÉireann agus a dhéantar sa tuaisceart agus sa deisceart. Luann na rialacha go sonrach nach mbeidh seiceálacha ag teastáil ach amháin ar na hearraí sin a thiocfaidh isteach sa tuaisceart ón mBreatain agus a bhfuil 'baol' ann go rachaidh siad isteach sa Mhargadh Aonair. Mar sin féin, tá an cinneadh faoi cad is earra 'baolach' ann mar chuid den idirbheartaíocht atá ar siúl faoi láthair agus is féidir go mbeidh seiceálacha ag teastáil ó gach earra nó ó neart earraí ón mBreatain. I ndáiríre ciallaíonn sé seo gur dócha go mbeidh ar thrádálaithe an Tuaiscirt dearbhuithe custaim a shíniú sula ndéanfaidh siad táirgí a thrádáil isteach agus amach ón mBreatain, nuair a fhágfaidh an Bhreatain an AE, is dóigh go bhféachfaidh cuid mhór trádálaithe beaga níos faide anonn ná an Bhreatain le haghaidh deiseanna trádála in áit costais agus bacainní custaim a bhaineann le

30 Regan &Brazys, Leprechaun Economics
31 https://intertradeireland.com/news/cross-border-trade-hits-new-high
32 https://www.nisra.gov.uk/sites/nisra.gov.uk/files/publications/Overview-of-NI-Trade-April-2020.pdf
33 Cross Border trade is in Intermediate Goods

Margadh na Breataine a thabhú.

I gcomhthéacs Aontacht na hÉireann ní thiocfaidh athrú ar bith ar na seiceálacha ar na rudaí a aithneofar mar earraí 'baolacha' ón mBreatain atá cumhdaithe sa Phrótacal, toisc go bhfillfeadh an tuaisceart ar ais chuig an AE agus é fós faoi cheangal ag rialacha an mhargaidh aonair maidir le hearraí a thaistealaíonn ón mBreatain. I gcás Aontacht na hÉireann ní bheadh ualaí breise ar bith ann i dtaca leis an trádáil seo ón mBreatain toisc go mbaineann Rialacha an AE léi seo cheana féin.

Ábhar caibidle freisin is ea an tuiscint go dtiocfadh laghdú ar thrádáil idir an Tuaisceart agus an Bhreatain mar thoradh ar Aontacht na hÉireann toisc go bhfuil níos lú trádála ann idir an Tuaisceart agus an Bhreatain cheana féin in ainneoin go bhfuil sé faoi Riail na Breataine.

Taispeánann figiúirí NISRA ó 2018 gur tháinig laghdú 9.3% ar dhíolacháin sheachtracha idir an Tuaisceart agus an Bhreatain in 2018[34]. Tharla sé seo in ainneoin go raibh an tuaisceart faoi Riail na Breataine, ag úsáid airgeadra Briotanach agus mar chuid den rud a dtugann Aontachtaithe Margadh Inmheánach na Ríochta Aontaithe air. Tugann na figiúirí le fios go bhfuil gnólachtaí ó thuaidh ag brath níos lú ar thrádáil leis an mBreatain fiú sula gcuirtear taraifí i bhfeidhm. Mar fhianaise bhreise air seo, bhí onnmhairí iomlána an Tuaiscirt (£ 11.2bn) níos airde ná a thrádáil sheachtrach chun na Breataine (£ 10.6 bn) in 2018, rud a chiallaigh gur onnmhairigh an tuaisceart níos mó earraí chuig tíortha eile seachas an Bhreatain den chéad uair ó thosaigh taifid suirbhé in 2011.[35]

Is den tábhachtach é a aithint freisin, agus an idirbheartaíocht faoin mBreatimeacht ar siúl fós, go bhfuil aon mhéadú nó laghdú réamh-mheasta sa trádáil idir an Tuaisceart agus an Bhreatain faoi Éirinn Aontaithe, ag brath cuid mhór ar an gcomhaontú trádála a aontófar idir an AE agus an Ríocht Aontaithe amach anseo. Go dtí go mbeidh na téarmaí seo soiléir, is deacair an tionchar iomlán ar thrádáil a d'imreodh Aontacht na hÉireann a mheas.

Ar deireadh, níl aon fhoráil sa Phrótacal maidir le saorghluaiseacht daoine. Cé go ndeirtear gur dócha go gclúdóidh an Comhlimistéar Taistil (CTA) é seo, níl aon bhunús dlíthiúil ag an éileamh seo laistigh de Phrótacal na hÉireann. Ar aon chuma, tá sé beagnach cinnte nach gclúdóidh saorghluaiseacht den sórt sin ach saoránaigh na Breataine agus na hÉireann agus ní iad siúd ó stáit eile de chuid an AE. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh fostóirí sa tuaisceart rochtain ar mhargadh saothair an AE a chailleadh, rud a dhéanfaidh dochar ar leith in earnáil an fháilteachais agus earnáil an agraibhia, chomh maith leis an tseirbhís sláinte a fhágfaí gan chosaint go háirithe tar éis phaindéim COVID-19. Cuirfidh sé srian freisin ar ghluaiseacht trasteorann do náisiúnaigh de chuid an AE chun críocha oideachais, sláinte agus cúram leanaí. D'fhéadfadh an srian seo ar thaisteal uile-Éireann shaoránaigh an AE ar mhaithe le forbairt scileanna riachtanacha agus gníomhaíocht eacnamaíoch deacrachtaí a chruthú, go háirithe i gceantair cois teorann.

Is dócha go gcaillfidh an Tuaisceart rochtain ar mhaoiniú agus caiteachas riachtanach trí aistrithe ón Aontas Eorpach ar braitheadh orthu mura ndéantar cúiteamh air sin in aon idirbheartaíocht. Dealraíonn sé cheana féin go bhfuil an Bhreatain ag iarraidh a mianta féin a chur i bhfeidhm ar ghnéithe de mhaoiniú an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT). Beidh le feiceáil an bhfíorófar sin. Baineann sé freisin le maoiniú atá dírithe ar fhachtóirí atá riachtanach d'fhorbairt eacnamaíoch fadtéarmach agus 'phríomhbhóthair', lena n-áirítear bonneagar riachtanach, Taighde & Forbairt (T&F) (trí chlár Horizon), agus maoiniú um chlaochlú glas. Ligfidh athiontráil san AE don Tuaisceart rochtain a fháil ar chistí móra caipitil infheistíochta, ón mBanc Eorpach Infheistíochta i measc foinsí eile, atá riachtanach do dhúshláin eacnamaíocha an lae inniu agus na todhchaí.

Riachtanas eacnamaíoch is ea tionchar diúltach na Breatimeachta a chealú. Ligfeadh aontacht na hÉireann don Tuaisceart lántairbhe a bhaint as ballraíocht san AE lena n-áirítear rochtain ar mhargadh na hEorpa agus na deiseanna maoinithe agus infheistíochta suntasacha a chuirtear ar fáil trí chláir agus institiúidí an AE, chomh maith le comhtháthú uile-Éireann á éascú tuilleadh.

34 https://www.nisra.gov.uk/sites/nisra.gov.uk/files/publications/Overview-of-NI-Trade-April-2020.pdf
35 https://www.nisra.gov.uk/sites/nisra.gov.uk/files/publications/Overview-of-NI-Trade-April-2020.pdf

# COSTAS NA CRÍOCHDHEIGHILTE

## – acmhainn iomlán an gheilleagair ghlais a chailleadh

## **BUNTÁISTÍ LE hÉIRINN AONTAITE** ACMHAINN IOMLÁN AN GHEILLEAGAIR GHLAIS A UASMHÉADÚ

## LE HAGHAIDH **ÉIRINN** ATÁ GLAN AGUS **GLAS**.

I measc na ndóigheanna is mó nár baineadh úsáid astu le haghaidh acmhainneacht fáis i ngeilleagar na hÉireann tá an geilleagar glas. In ainneoin go bhfuil cuid de na hacmhainní fuinnimh in-athnuaite is flúirsí ar domhan aige, níor éirigh chomh maithe sin leis an ngeilleagar glas ar fud an oileáin i gcomparáid le stáit ardioncaim eile, agus stáit sa domhan i mbéal forbartha.

Tá dúshlán an-mhór ó thaobh na heacnamaíochta maidir lenár n-oibleagáidí aeráide a chomhlíonadh, fiú amháin do stát ceannasach a bhfuil rochtain aige ar mhargaí bannaí idirnáisiúnta, agus rochtain ar ghiarálacha fioscacha chun an t-airgeadas seo a úsáid ar bhealaí nuálacha éifeachtacha. Maidir le stát beag ar  nós an Tuaiscirt, mar a bhfuil laigí suntasacha eacnamaíocha níos measa le blianta fada mar gheall ar leithlisiú eacnamaíoch, agus nach bhfuair rochtain ar scála fiúntach de chaipitil infheistíochta, d'fhéadfadh an dúshlán a bheith dosháraithe

Is í aontacht na hÉireann an bealach trínar féidir tairbhí eacnamaíocha an aistrithe, aistriú atá riachtanach, lena n-áirítear poist san earnáil ghlas agus slándáil níos fearr an tsoláthair fuinnimh a bhaint amach. Baineann na tairbhí a bhaineann le barainneachtaí scála agus pleanáil spásúil uile-oileáin leis an ngeilleagar glas ar an dóigh chéanna. Chun oibleagáidí aeráide a chomhlíonadh agus sochaí neodrach carbóin a bhaint amach faoi 2050, mar a éilítear de réir na heolaíochta aeráide, teastaíonn réimse leathan post bóna glas ardoilte, agus méadú tapa, i dtógáil, iompar poiblí, iarfheistiú, taighde agus forbairt teicneolaíochtaí nua, athléimneacht comhshaoil, agus forbairt beartais, agus nithe eile ina measc.

Mar gheall ar an gCríochdheighilt is amhlaidh go ndéanfar maolú suntasach ar na buntáistí a bhaineann le haistriú i dtreo geilleagair nialascharbóin, cionn is go mbíonn an dá chuid den oileán in iomaíocht lena chéile le haghaidh infheistíocht in-athnuaite príobháideach agus dhá chlár oibre eacnamaíocha glas nach bhfuil ag teacht lena chéile agus a d'fhéadfadh a bheith contrártha a oibriú. Chomh maith leis sin agus mar gheall ar an gCríochdheighilt a bheith i réim go fóill agus an deis

ríthábhachtach seo ann d'fhorbairt inbhuanaithe ar fud an oileáin is amhlaidh go leanfar den amaidí diomailteach agus mí-éifeachtach d'fhorbairt bonneagair ar ais, go háirithe don bhonneagar nua-aimseartha, nuálach agus dóchúil daor a theastaíonn don aistriú nialascharbóin.




In 2017 tháirg oileán na hÉireann 80 milliún tonna de Dé-ocsaíd Charbóin (C02). De réir an Phainéil Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide (IPCC) - comhlacht na Náisiún Aontaithe chun an eolaíocht a bhaineann le hathrú aeráide a mheas - ní mór don domhan é seo a laghdú go glan-astaíochtaí nialasacha faoi 2050 ar a dhéanaí.

**Foinse:**
**IPCC (https://www.ipcc.ch/2018/10/08/summary-for-policymakers-of-ipcc-special-report-on-global-warming-of-1-5c-approved-by-governments/)**
**EPA (https://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/ghg/nir2019/Ireland%20NIR%202019_Final.pdf)**
**NAEI (https://naei.beis.gov.uk/reports/reports?section_id=4)**

# IS ACMHAINN DÚINN ÉIRE A CHOMHAONTÚ

## – míniú tugtha ar an bhfóirdheontas

### BEIDH ÉIRE AONTAITHE NÍOS RATHÚLA AGUS BEIDH MUINTIR NA hÉIREANN NÍOS FEARR AS

Is éard atá san 'fhóirdheontas' an difríocht idir an t-ioncam a bhailítear agus an t-airgead a chaitear sa Tuaisceart. Is iomaí sin plé atá déanta maidir lena mhéid.

De réir na staitisticí oifigiúla, bailítear £ 18.5 billiún d'ioncam sa Tuaisceart. Mar sin féin, léirigh an t-eacnamaí John Fitzgerald go ndéanann an staitistic seo beag is fiú de na cánacha corparáide a ghintear ó ghnóthais atá ag feidhmiú sa Tuaisceart thart ar £ 500 milliún. Mar sin ba cheart an figiúr ioncaim a bhailítear sa Tuaisceart a mhéadú go dtí £ 19 billiún.

Is ionann an caiteachas iomlán agus £27.9 billiún. Ach ba cheart caiteachas ar an arm agus ar chúrsaí cosanta, a bhaineann le fiachas na Breataine agus le caiteachas thar lear a bhaint ar shiúl, cealú a laghdaíonn an figiúr seo go dtí £25 billiún.

B'ionann figiúr an fhóirdheontais agus £6 billiún dá réir.

Agus thiocfadh laghdú sa bhreis air ar an ábhar go gcaitear £3.5 billiún ar phinsin. Tá cearta pinsin fabhraithe ag muintir an Tuaiscirt cheana féin trína gcuid ranníocaíochtaí árachais náisiúnta. D'aithin Aire Pinsean na Breataine Steve Webb (7 Bealtaine 2014) an fhíric seo agus rinne sé tagairt do chearta pinsinéirí in Albain le linn na díospóireachta ar Neamhspleáchas na hAlban. Dúirt sé:

"Yes, they have accumulated rights into the UK system, under the UK system's rules."

Dúirt sé: "Take a Scottish person who works all their life and then retires to France... they still have an accumulated pension right in respect of the National Insurance they have paid in when they were part of the United Kingdom."

Ar an ábhar sin, cinnfear figiúr deiridh an fhóirdheontais de réir thoradh na hidirbheartaíochta. Is idir £2.5bn agus £6 billiún a bheidh an figiúr seo.

**Le haghaidh mionscrúdú níos mionsonraithe, féach Aguisín 1.**

**£10bn**
**MIOTAS**

**£2.5-6bn**
**FÍRINNE**

**Cothrom le 1.3 - 3.3% de Tháirgeacht Gheilleagar na hÉireann**
(GNI*, 2019)

http://budget.gov.ie/Budgets/2021/Documents/Budget/Budget%202021_Economic%20and%20Fiscal%20Outlook.pdf

# IS FÉIDIR LINN ÉIRE A AONTÚ

## – Sampla na Gearmáine agus ról an AE

Sampla úsáideach is ea athaontú na Gearmáine den dóigh ar féidir le comhtháthú agus infheistíocht eacnamaíoch pleanáilte, lena n-áirítear ón AE, dálaí eacnamaíocha a fheabhsú go mór sa dlínse níos lú atá mar chuid den aistriú. Cé nach bhfuil an t-aschur eacnamaíoch agus caighdeáin mhaireachtála in Oirthear na Gearmáine chomh maith leis an bhforbairt in Iarthar na Gearmáine, tá feabhas mór tagtha orthu. Ní raibh OTI per capita Oirthear na Gearmáine ach 43% den Iarthar i 1991. Faoi 2008 ardaíodh é go 71%[36]. Nuair a rinneadh é a mheas trí chomparáid Eorpach a chur i bhfeidhm agus trí úsáid a bhaint as an mbeart comparáideach ar phaireacht chumhachta ceannaigh (PPP in euro), ardaíodh OTI per capita Oirthear na Gearmáine níos gaiste ná stáit Eorpacha níos boichte, agus b'fhéidir gur comparáid níos cothroime agus níos láidre ná an ollchumhacht tionsclaíoch agus eacnamaíoch a bhíodh in Iarthar na Gearmáine[37]. Tharla cuid mhór de seo mar gheall ar thacaíocht shuntasach ón AE lena n-áirítear maoiniú struchtúrach a bhí rud beag níos lú ná €18 billiún[38].

Ba cheart go mbeadh ról an AE níos lárnaí maidir le hathaontú na hÉireann. Is conradh atá formhuinithe ag an AE é Comhaontú Aoine an Chéasta, a bhfuil an próiseas athaontaithe ag brath air agus a fuair tacaíocht ábhartha ó mhaoiniú AE le dhá scór bliain.

I mí Aibreáin 2017, dhearbhaigh an AE, dá dtarlódh athaontú, go dtiocfadh an Tuaisceart isteach arís san Aontas Eorpach mar bhall go huathoibríoch. Ciallaíonn an ráthaíocht shimplí ach thar a bheith tábhachtach seo, i dtéarmaí eacnamaíocha, nach mbaineann an deacracht a d'fhéadfadh a bheith roimh Albain a bheith ag dul i mbun idirbheartaíochta san AE i gcomhthéacs an neamhspleáchais, maidir le hoileán na hÉireann.

D'fhéadfadh tacaíocht go díreach ón AE trí mheicníocht maoinithe saincheaptha atá ceaptha chun an próiseas athaontaithe a chobhsú, fiú más de réir a chéile a tharlóidh sé . Is ionann maoiniú PEACE agus sampla an-ábhartha cheana féin de chiste den sórt sin, a thug tacaíocht do phróiseas na síochána trí infheistíocht a dhéanamh sa Tuaisceart agus sa limistéar teorann máguaird sa Deisceart.

Is féidir maoiniú an AE a roinnt idir maoiniú sóisialta agus athmhuintearais, agus infheistíocht chaipitil dhíreach chun feabhas a chur ar chomhtháthú agus comhordú eacnamaíoch ar fud an oileáin, ach go háirithe sa limistéar teorann 'forimeallach'.

36 'Rethinking the need for reunification', 2013, Seong-Joon
37 Ralph M. Wrobel, "The Benefits of German Unification: A Review after 20 Years," Seminar "20 years of German unification and Korea's unification readiness" hosted by the Korea Institute for National Unification, October 5, 2010
38 Wrobel, 2010 http://www.ordnungspolitisches-portal.com/Lehrmaterial/04_03_Wrobel-TheBenefitsofGermanUnification.pdf

# Conclúid

Tá plé ar Aontacht na hÉireann anois i lár an aonaigh in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Tá sé i gceist againn agus an doiciméad seo á fhoilsiú eolas a dhéanamh don phlé sin maidir le fíricí ábhartha faoi na tairbhí eacnamaíocha a thiocfadh de bharr Éire athaontaithe a bheith ann agus méadóidh sé an t-éileamh le haghaidh Reifrinn de réir mar a gealladh i gComhaontú Aoine an Chéasta.

Mínítear sa doiciméad seo iarmhairtí eacnamaíocha na críochdheighilte, go háirithe do réigiún na teorann agus don Tuaisceart.

Cuirtear chun cinn ann an cás eacnamaíoch go mbainfidh oileán iomlán na hÉireann leas eacnamaíoch as Aontacht. Ní hé nach bhfuil sé d'acmhainn againn íoc as Éirinn Aontaithe – níl sé d'acmhainn againn an chríochdheighilt a choinneáil i bhfeidhm.

Is tríd Aontacht na hÉireann agus geilleagar uile-oileáin is fearr a fhorbrófar oileán rathúil.

Bheadh buntáistí suntasacha ag geilleagar aontaithe na hÉireann trí bhonneagar, infheistíocht, cánachas agus fostaíocht.

Is é an dóigh is fearr chun aghaidh a thabhairt ar an mBreatimeachta agus ar iarmhairtí eacnamaíocha na paindéime COVID-19, agus an ghéarchéim aeráide agus bithéagsúlachta, ná trí gheilleagar aontaithe na hÉireann a bheith ann agus é ag feidhmiú chun a lánacmhainneachta.

Tá an t-am ann anois pleanáil a dhéanamh chun na tairbhí eacnamaíocha seo agus na buntáistí is leithne a bhaineann le hathaontú a bhaint amach. Chun aistriú eacnamaíoch a dhéanamh go geilleagar níos cothroime, níos glaise agus níos sláintiúla agus chun pleanáil go hiomlán ní mór dúinn páirt a ghlacadh sa phlé seo agus pleanáil a dhéanamh do thodhchaí difriúil.

# AGUISÍN I – NÓTA TEICNIÚIL AR AN BHFÓIRDHEONTAS

Is é an fóirdheontas an difríocht idir an t-ioncam a thógtar agus an t-airgead a chaitear sa Tuaisceart. Aithnímid gurb ann d'easnamh óna dteastaíonn fóirdheontas, ach ní hé an £10 billiún a mhaíonn cuid daoine.

Sa rannán seo, scrúdaímid scála an fhóirdheontais a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil nuair a bheidh athaontú ann.

**Tábla 1 - Caiteachas poiblí i dTuaisceart na hÉireann, 2018-19**

| | £ billions |
|---|---|
| Ioncam tógtha | 18.5 |
| Caiteachas Bainistithe Iomlán | 27.888 |
| Coigeartuithe Cuntasaíochta | 3.21 |
| Caiteachas Iomlán ar Sheirbhísí | 24.677 |
| Caiteachas inaitheanta | 21.807 |
| Caiteachas do-inaitheanta | 2.105 |
| Caiteachas 'lasmuigh de RA' | 0.765 |

***Foinse:*** *Country and Regional Public Sector Finance 2018-19 Expenditure Tables, Office of National Statistics*[39]*; Public Expenditure Statistical Analyses 2020, British Treasury*[40]

I dTábla 1 tugtar miondealú ar na príomhphíosaí de chaiteachas poiblí sa Tuaisceart, agus téimid i ngleic go mionsonrach leis na téarmaí seo thíos.

**Caiteachas Bainistithe Iomlán (CBI)**

Is é seo an príomhthomhas ar chaiteachas poiblí sa Tuaisceart agus sa Bhreatain. Ach ar chúiseanna a mhínítear thíos, is bealach míthreorach é chun caiteachas poiblí sheirbhísí poiblí an Tuaiscirt a bheadh ann má tharlaíonn athaontú.

Sin an phríomhchúis freisin go dtugtar léargas ar an bhfóirdheontas nach bhfuil cruinn.

Is é lánsuim a) an chaiteachais iomláin ar sheirbhísí, agus b) coigeartuithe cuntasaíochta.

In 2018-19, b'ionann seo agus £27.888bn.Nuair a bhaintear seo den ioncam a deirtear a thógtar sa Tuaisceart (£18.5bn in 2018-19) tagtar ar £9-10bn mar fhigiúr fóirdheontais.

Ach mar a shonraítear thíos, is bealach é seo chun an easnamh a d'fhéadfadh a bheith ann má tharlaíonn aontú na hÉireann gan bhunús.

**Caiteachas Iomlán ar Sheirbhísí (CIS)**

Tá CIS an-chosúil le CBI Nuair a chuirtear CIS le 'Coigeartuithe Cuntasaíochta' (a mhínítear thíos) tugann sin figiúr CBI.

39 https://www.ons.gov.uk/economy/governmentpublicsectorandtaxes/publicsectorfinance/datasets/countryandregionalpublicsectorfinancesexpendituretables
40 https://www.gov.uk/government/statistics/public-expenditure-statistical-analyses-2020

Is é 'caiteachas iomlán ar sheirbhísí' suim dhá chineál caiteachais sa Tuaisceart - caiteachas inaitheanta (caiteachas a tharlaíonn go fíor sa Tuaisceart), agus caiteachas do-aitheanta (caiteachas ar thosaíochtaí na Breataine a gcuirtear na costais ina leith ar aghaidh go dtí an Tuaisceart).

Tá an t-idirdhealú idir an dá fhoirm chaiteachais seo, ar cleachtais chuntasaíochta iad go bunúsach, ag croílár an mhearbhaill maidir le fóirdheontas.

**Caiteachas inaitheanta**

Is é seo an caiteachas a dhéanann comhairlí agus an Feidhmeannas sa Tuaisceart go fíor ar sheirbhísí poiblí riachtanacha ó lá go lá, coimirce shóisialta, agus tionscadail chaipitil.

In 2018-19 b'ionann caiteachas inaitheanta agus £21.807bn

**Caiteachas do-inaitheanta**

Ní chaitheann aon Chomhairle ná aire Feidhmeannais, díreach rialtas na Breataine.

Níor cheart na costais seo a chur le chéile go díreach mar fhigiúr fóirdheontas.

Mar shampla, in 2018-19, chur rialtas na Breataine ar aghaidh go dtí an Tuaisceart £2.105bn de ghlanchostas i gcaiteachas do-aitheanta.

Ach tá seo tar éis 'idirbhearta AE' a chur san áireamh sna suimeanna. Sula dtarlaíonn seo, is é an figiúr comhlán £3.126bn[41]. As seo, cuireadh bille £1.12bn go dtí an Tuaisceart chun fórsaí míleata na Breataine a mhaoiniú - i measc na gcostas míleata is airde ar an domhan - agus £1.6bn eile chun cabhrú leis an mBreatain a bhfiacha ollmhóra a íoc.

I bhfocail eile, téann 87% de chaiteachas do-aitheanta a chuirtear ar aghaidh go dtí an Tuaisceart i dtreo bunaíocht mhíleata ollmhór na Breataine agus cabhrú maidir lena bhfiacha náisiúnta.

**Lasmuigh de RA**

Go bunúsach is aithnítear an caiteachas seo mar 'chaiteachas do-aitheanta' eile.

Is é sin an méid a thiomnaíonn rialtas na Breataine thar sáile, agus thugtar ar an Tuaisceart ranníocaíocht a dhéanamh leis seo.

Arís, níl aon cheart ag institiúidí tofa sa Tuaisceart a rá conas a chaithfí an t-airgead seo, ach mar sin féin léirítear san airgeadas poiblí go dtugtar ar an Tuaisceart a gcionroinnt féin a íoc agus, dár réir sin, cuirtear sin san áireamh i bhfigiúr míthreorach an fhóirdheontais, £9bn-£10bn.

**Coigeartuithe Cuntasaíochtas**

Baineann an chuid is mó de choigeartuithe cuntasaíochta le dímheas caipitil. Léirítear é mar chaiteachais agus mar mhír chomhardaithe ar thaobh an ioncaim. Ach seo a lascainiú bheadh tionchar glan ar ríomh an fhóirdheontais.

**Plé**

Mar sin cá bhfágann sé seo go léir sinn inár n-iarrachtaí an t-easnamh fioscach i dTuaisceart na hÉireann a mheas go cruinn?

Tá a fhios againn anois gur féidir formhór an chaiteachais do-aitheanta a chaitheamh i leataobh in aon mheastachán inchreidte ar fhóirdheontas, lena n-áirítear caiteachas míleata na Breataine i dteannta le taidhleoireacht agus gníomhaíochtaí polaitiúla rialtas na Breataine thar lear. Tá fórsa cosanta i bhfad níos lú ag Éirinn cheana féin agus láithreacht pholaitiúil thar lear.

Tá a fhios againn freisin gurb é TME an bealach mícheart chun caiteachas a mheas.

Ina ionad sin, léiriú níos cruinne is ea £21.807bn ar an bhfíorchaiteachas sa Tuaisceart.

41 Ní seo an figiúr caiteachais do-aitheanta deiridh, agus mar sin cuirtear san áireamh anseo é chun a bheith léiritheach.

Nuair a dhéantar an t-iomlán seo a dhealú ó ioncam de £18.5bn, tagann fóirdheontas táscach de £3.3bn chun tosaigh. Nuair a chuirtear thart ar £3.2bn d'athruithe cuntasaíochta san áireamh, fágtar meastachán sealadach fóirdheontais de £6.5bn orainn.

Is é is cuspóir leis an tsuimiú seo 'costas breise' an Tuaiscirt a chinneadh ar airgeadas dheisceart na hÉireann i gcás aontachta. Dá bhrí sin, ní mór na saincheisteanna a bhaineann le 'sócmhainní agus dliteanais' a mheas.

Rinneadh thart ar £ 3.5bn a íoc i bpinsin sa Tuaisceart in 2018-19[42]. Beidh dliteanas as íocaíocht na bpinsean do Chónaitheoirí an Tuaiscirt i gcás Aontacht faoi réir idirbheartaíochta idir an dá Rialtas. Dheimhnigh agus thug Airí na Breataine aitheantas dó seo le linn Reifreann na hAlban nuair a tháinig ceist na bPinsean chun cinn. Ar an ábhar go bhfuil rochtain ar Phinsean Stáit na Breataine bunaithe ar Ranníocaíochtaí Árachais Náisiúnta duine seachas ar a Saoránacht, is féidir a áiteamh go bhfuil Rialtas na Breataine faoi dhliteanas iomlán as pinsin Chónaitheoirí an Tuaiscirt a rinne Ranníocaíochtaí Árachais Náisiúnta a íoc thar thréimhse 10 mbliana.

Nuair a fiafraíodh dó an mbeadh ceart fós ag Saoránaigh na hAlban ar Phinsean i gcás Neamhspleáchas na hAlban, dúirt Aire Pinsean na Breataine Steve Webb[43] (7 Bealtaine 2014):

*"Yes, they have accumulated rights into the UK system, under the UK system's rules."*

Dúirt sé: "*Take a Scottish person who works all their life and then retires to France... they still have an accumulated pension right in respect of the National Insurance they have paid in when they were part of the United Kingdom.*"

Nuair a fiafraíodh de an mbeadh tábhacht le saoránacht, dúirt an tUasal Webb le Básanna

*"Citizenship is irrelevant. It is what you have put into the UK National Insurance system prior to separation. Answer [for example] 35 years, that builds up to a continued UK pension under continuing UK rules. They are entitled to that money. The question is, who is paying for it, and how is that [cost] split?"*

Mar sin, ag brath ar thoradh aon idirbheartaíochta laghdóidh sé seo an fóirdheontas go mór.

Faoi dheireadh, d'fhéadfadh go mbeadh £ 18.5bn mar mheastachán gann ar an ioncam a bhailítear, i bhfianaise na slí ina dtáirgtear na meastacháin seo.

Mar shampla, ba é an 'barrachas oibríochta comhlán náisiúnta' den gheilleagar sa Tuaisceart (i.e. suim iomlán na mbrabús príobháideach go léir sa gheilleagar) in 2012 ná 2.3% de gheilleagar na Breataine. Ach in 2016, níor leagadh ar an Tuaisceart ach 1.4% d'ioncam cánach corparáide ó bhrabúis ar fud gheilleagar na Breataine.

Dá n-úsáidfí tomhas ní ba chruinne ar bhrabúis, mar shampla 'barrachas oibríochta comhlán náisiúnta', d'fhéadfaí cáin chorparáide a thagann ón Tuaisceart a mheas faoina luach suas le £500m. Bheadh tionchar eile aige seo ar an bhfigiúr fóirdheontais a luadh a laghdú.

Mar sin is é fíorchostas an fhóirdheontais áit éigin idir £ 2.5bn agus 6bn agus an chosúlacht láidir ann go mbeidh sé níos gaire don cheann is ísle. Agus tá sé seo sula ndéanaimid machnamh fiú ar an tionchar thar a bheith dearfach a bheadh ag an bhfás eacnamaíoch a eascróidh as cinnteoireacht ag ionadaithe tofa go háitiúil, pleanáil eacnamaíoch saincheaptha agus forbairt eacnamaíoch chomhordaithe ar an bhfóirdheontas i gcás aontacht na hÉireann.

42 https://assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/901406/CCS207_CCS0620768248-001_PESA_ARA_Complete_E-Laying__002_.pdf - page 172
43 https://www.bbc.co.uk/news/uk-scotland-scotland-politics-27309215






Sinn Féin

#TIME4UNITY